# **Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

(De bhun Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Acht an Bhainc Ceannais 2003))

1. Bunaíodh Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (BASAÉ) de bhun Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003.

2. a) D'ainmnigh an Rialtas seachtar comhalta ar BASAÉ agus rinne Uachtarán na hÉireann iad a cheapadh. Is iad Feidhmeannaigh an Bhinse ná Francis D. Murphy, iarBhreitheamh ón gCúirt Uachtarach atá ina Chathaoirleach, agus is í Inge Clissmann, Abhcóide Sinsearach an LeasChathaoirleach.
   Is iad seo a leanas Comhaltaí an Bhinse: Paul Brennan, Geraldine Clarke, Helen Collins, Teresa Pilkington agus Conor Power.

   b) Thug an tUasal Murphy le fios don Uachtarán go raibh sé ar intinn aige éirí as ar an 31 Márta 2015.

3. Is í Treasa Kelly B.L. atá mar Chláraitheoir ar BASAÉ.

4. Tá oifigí BASAÉ lonnaithe ag Teach Freidiric, 19 Sráid Freidiric Theas, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01 635 0040; Faics: 01 635 0249; Suíomh gréasáin: www.ifsat.ie agus Seoladh Ríomhphoist: Registrar@IFSAT.ie

5. Is comhlacht gar-bhreithiúnach é BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun éisteacht agus dearbhú a dhéanamh ar achomhairc a déantar ar chinntí áirithe a thugann an Banc Ceannais, ar 'chinntí inachomhairc' iad faoi bhrí Alt 11 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004.

6. Cuirtear tús le achomharc go BASAÉ trí Fógra Achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse. Bíonn fiche ocht lá ansin ag an mBanc Ceannais a Fhreagra ar Achomharc a thabhairt. (Tá foirmeacha maidir le Fógra Achomhairc agus Freagra ar Achomharc ar fáil ar shuíomh ghréasáin an Bhinse). A luaithe is a mhalartaíonn na páirtithe páipéir agus a bpléitear na

réamhcheisteanna, éistfidh triúr comhalta a roghnóidh an Cathaoirleach ó BASAÉ an achomharc agus déanfaidh siad cinneadh.

7. Tá fáil ar chinntí scríofa an Bhinse ar an suíomh gréasáin www.ifsat.ie

8. Cuireadh trí Fhógra Achomhairc faoi bhráid BASAÉ i rith na bliana 2014.

9. a) Ar an 21 Feabhra 2014 thug an Binse a chinneadh i gcás Frederick Collins T/A Westgate Finance v. The Central Bank of Ireland 009/2013.

b) Tá Cinneadh an Bhinse ar fáil ar an suíomh gréasáin faoin tagairt Frederick Collins T/A Westgate Finance v. The Central Bank of Ireland 009/2013.

10. a) De réir Fógra Achomhairc dar dáta 31 Márta 2014, thug Messrs Byrne Wallace, Aturnaetha ag gníomhú thar ceann Comhar Creidmheasa Mhaigh Nuad, fógra achomhairc do BASAÉ ó Threorú Rialála dar dáta 4 Márta 2014 arna eisiúint ag Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa de bhun Alt 87 d'Acht um Chomhar Creidmheasa (Credit Union Act) 1997.

b) Ar an 13 Samhain 2014, thug an Binse a chinneadh atá ar fáil ar an suíomh gréasáin faoin tagairt 'Maynooth Credit Union Limited and Central Bank of Ireland' Uimhir Thagartha 011/2014.

11. a) De réir Fógra Achomhairc dar dáta 10 Metheamh 2014, thug Cearbhaill Ó Dálaigh fógra achomhairc don BASAÉ ó chinneadh a thug an Banc Ceannais ag diúltú eolais a d'iarr sé maidir le institiúid airgeadais, de bhun Alt 33AK d'Acht an Bhainc Ceannais 1942.

b) Ar an 22 Deireadh Fómhair 2014, thug an Binse a chinneadh atá ar fáil ar shuíomh ghréasáin an Bhinse faoin tagairt Cearbhaill O'Dalaigh v. The Central Bank of Ireland Uimhir Thaifid 012/2014.

12. I Meán Fómhair 2014, chuaigh an tUasal Elton M. Singini (Breitheamh), Cathaoirleach ar Choiste Achomhairc Seirbhís Airgeadais na Maláive i dteagmháil le Cláraitheoir BASAÉ

chun féidearthacht cuairt staidéir a thabharfadh toscaireacht ón Máláiv ar an mBinse, a phlé. Ba mhór an spéis a léirigh an Breitheamh Singini foghlaim ó thaithí an Bhinse de bhrí go raibh Coiste Achomhairc na Maláive nua-bhunaithe. Chuir an Binse socruithe i bhfeidhm chun fáiltiú roimh thoscaireacht na Maláive. Ba chúis aiféala é gur éirigh deacrachtaí riarachán sa Mhaláiv a chuir cosc le teacht na toscaireachta go hÉirinn ag an am sin agus cuireadh an chuairt staidéir ar athló.

13. Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar fáil le seo.

Francis D. Murphy
Cathaoirleach
23 Márta 2015

# Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
## Cuntas ioncaim agus caiteachais don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2014

| **Ioncam** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Cistí a sholáthar an Banc Ceannais | 36,000 | 80,000 |
| **Caiteachas** | | |
| **Costais éisteachta** | | |
| Táillí Painéal | 13,138 | 0 |
| Gearrscríobhaí | 1,294 | 0 |
| Slándáil | 75 | 0 |
| **Costais riaracháin** | | |
| Táillí feidhmiúcháin | 54,315 | 73,551 |
| Táillí dlíthiúla agus gairmiúla | 700 | 0 |
| Cuntasaíocht | 3,812 | 3,812 |
| Stáiseanóireacht, priontáil & cumarsáid | 363 | 728 |
| Taisteal, cothabháil & ceaintín | 385 | 233 |
| Táillí bainc | 74 | 33 |
| Eile | 353 | 575 |
| **Caiteachas iomlán** | 74,508 | 78,932 |
| **(Easnamh) Barrachas ioncaim de bhreis ar chaiteachas** | (38,508) | 1,068 |

Áirítear táillí Feidhmiúcháin an Chathaoirligh ar an mbonn go raibh sé ar fáil lá amháin sa mhí do ghnóthaí an Bhinse Achomhairc.

________________________________

**Cláraitheoir**

Deimhnímid leis seo gur chruthaigh an Cláraitheoir leabhair agus taifid de réir ár gcomhairle agus go bhfuil siad á riaradh againn. Deimhnímid go bhfuil na cuntais thuas bunaithe ar na leabhair agus na taifid chéanna agus go dtugann siad ráiteas cruinn d'ioncam agus caiteachas an Bhinse Achomhairc don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2014 agus den Chlár Comhardaithe ag an dáta céanna.

________________________________

**Spain McQuillan**
**Chartered Accountants & Registered Auditors**